Comhairle Contae Dhún na nGall
Donegal County Council

# Oifigeach Cúnta Sláinte agus Sábháilteachta

# Eolas d'Iarratasóirí

## Feabhra, 2023

## 1. <u>An Post</u>

Tá an Chomhairle ar lorg iarratas ó iarratasóirí a bhfuil na cáilíochtaí cuí agus taithí ábhartha acu maidir le Sláinte agus Sábháilteacht faoi choinne poist mar Oifigeach Cúnta Sláinte agus Sábháilteachta.

Táthar ag súil le painéal iarrthóirí cáilithe a bhunú óna líonfar folúntais le linn saolré an phainéil.

Tuairisceoidh an tOifigeach Cúnta Sláinte agus Sábháilteachta go díreach don Oifigeach Sláinte agus Sábháilteachta cuí nó a leithéid a bheadh ainmnithe ó am go chéile ag Comhairle Contae Dhún na nGall.

Cuirfidh an tOifigeach Cúnta Sláinte agus Sábháilteachta tacaíocht bhainistíochta, theicniúil agus riaracháin ar fáil ar fud gach réimse seirbhíse san Údarás Áitiúil agus d'fhéadfadh go mbeidh air dul i gcomhairle le gníomhaireachtaí seachtracha agus tacú leis an phróiseas Sláinte agus Sábháilteachta a chur chun cinn.

Beidh an tOifigeach Cúnta Sláinte agus Sábháilteachta freagrach as bainistíocht éifeachtach a réimse oibre cheaptha agus comhlíonfaidh sé nó sí dualgais na hoifige de réir Chóras Bainistíochta Sábháilteachta Chomhairle Contae Dhún na nGall. Beidh an ról ag teacht le leibhéal agus le grádú an phoist seo ar dhóigh chomparáideach le poist eile ag an leibhéal seo ar fud na heagraíochta. Comhlíonfaidh an sealbhóir poist dualgais eile atá cuí don phost ó am go chéile nó nuair a bhíonn siad de dhíth ar an Phríomhfheidhmeannach. Más gá, thiocfadh leis an sealbhóir poist ionadaíocht a dhéanamh d'fhostaí ag leibhéal níos airde.

Is samplaí iad na dualgais agus na freagrachtaí liostaithe thíos agus ní liosta iomlán é. Tá siad le comhlíonadh faoi mhaoirseacht ghinearálta. Beidh ar na hiarratasóirí rathúla obair i suíomh ar bith taobh istigh de cheantar riaracháin Chomhairle Contae Dhún na nGall. Lena chois sin, d'féadfadh feidhm a thabhairt d'iarratasóiri rathúla a bhaineann leis an chontae ina iomlán ar fud réimse Stiúrthóireachtaí nó le stiúrthóireacht ar leith nó le meascán den dá rogha. D'féadfadh an post athrú ó am go chéile.

## 2. Dualgais & Freagrachtaí

- Cuidiú leis na hOifigigh Sláinte agus Sábháilteachta maidir le bainistiú riaracháin Chóras Bainistíochta Sábháilteachta Chomhairle Contae Dhún na nGall.
- Cultúr a chur chun cinn ar dhóigh ghníomhach a spreagann cleachtais shábháilte shláintiúla san obair ar fud Chomhairle Contae Dhún na nGall.
- Cuidiú leis na hOifigigh Sláinte agus Sábháilteachta bainistiú riaracháin an Choiste Monatóireachta Sábháilteachta agus an Choiste Ionadaithe Sábháilteachta agus tuairiscí gonta á n-ullmhú nuair is gá.
- Obair go dlúth leis an bhainistíocht agus leis an fhoireann lena chinntiú go gcloítear le riachtanais Reachtaíochta Sláinte Sábháilteachta Leasa ábhartha.
- Tacú le agus cuidiú, más gá, leis an bhainistíocht líne agus leis an fhoireann mheasúnaithe riosca suíomhoiriúnaithe a ullmhú, a athbhreithniú agus a chur in iúl, aithint bhearta rialaithe cuí san áireamh.
- Cleachtais oibre sábháilte, córais oibre shábháilte agus ráitis mhodha a fhorbairt agus athbhreithniú a dhéanamh orthu i gcomhar leis an bhainistíocht líne.
- Cigireachtaí Sláinte agus Sábháilteachta a dhéanamh go rialta, taifead a dhéanamh ar na torthaí, monatóireacht a dhéanamh ar chomhlíonadh agus bearta ceartaitheacha agus coiscitheacha in úsáid lena chinntiú go gcuirtear cleachtais oibre shábháilte, beartais agus nósanna imeachta i bhfeidhm mar is ceart.
- Freastal ar chruinnithe sábháilteachta nuair is gá, ar a n-áirítear, Coistí Sábháilteachta Stiúrthóireachta, Cruinnithe Foirne Sábháilteachta, Cruinnithe Sábháilteachta Ar Leith agus Cruinnithe Ionadaithe Sábháilteachta.
- Dul i gcomhairle le hionadaithe sábháilteachta, agus treoir, comhairle agus tacaíocht a chur ar fáil dóibh nuair is gá.
- Cuidiú leis an Bhainistíocht Líne measúnú a dhéanamh ar riachtanais oiliúna na foirne i gcomhar leis an rannóg oiliúna agus freastal ar chruinnithe foghrúpa.
- Cuidiú le fiosrúcháin a bhaineann le heachtraí, tarluithe contúirteacha agus neastimpistí nuair is cuí agus moltaí a dhéanamh le haghaidh beartas ceartaitheach.
- Taifid a choinneáil d’eachtraí, tarluithe contúirteacha agus neastimpistí ar an bhunachar sonraí Eachtraí agus an tÚdarás Sláinte agus Sábháilteachta a chur ar an eolas, nuair is cuí.

- É nó í féin a choinneáil ar an eolas faoi reachtaíocht, Cód Cleachtas, Treoirlínte agus Caighdeán le bheith feasach ar reachtaíocht nua agus reachtaíocht atá ar tí teacht amach.
- Nósanna imeachta ullmhachta éigeandála agus freagartha a ullmhú agus a choimeád i gcomhar leis an bhainistíocht líne.
- Tacú leis an bhainistíocht líne le cur i bhfeidhm a bhfreagrachtaí sláinte agus sábháilteachta agus a chinntiú go bhfuil siad ar an eolas faoina ndualgais faoi reachtaíocht sláinte agus sábháilteachta agus faoi Chóras Bainistíochta Sábháilteachta na Comhairle.
- Athbhreithniú agus uasdátú a dhéanamh ar ráitis choimhdeacha shábháilteachta cuí.
- Athbhreithniú a dhéanamh agus moltaí nó tuairimí a thabhairt ar cháipéisí a ullmhóidh conraitheoirí le socrú ar chomhlíontacht agus sásúlacht bheartas sábháilteachta.

## <u>4. Cáilíochtaí</u>

Tá na cáilíochtaí do phost Oifigeach Cúnta Sláinte agus Sábháilteachta leagtha amach thíos:-

**(a) Carachtar**

Beidh dea-charachtar ag na hIarratasóirí.

**(b) Sláinte**

Beidh sláinte ag iarratasóirí a thabharfadh le fios go bhfuil siad ábalta seirbhís rialta, éifeachtach a chur ar fáil.

Iarrfar ar na daoine a cheapfar dul faoi scrúdú leighis arna dhéanamh ag Dochtúir Sláinte Cheirde na Comhairle roimh cheapadh.

**(b) Oideachas, Taithí**

Ní mór do gach iarratasóir na cáilíochtaí agus taithí seo a leanas a bheidh acu faoin dáta deiridh a nglacfar le foirmeacha iarratais chomhlánaithe:

**(i)** Céim (leibhéal 8 ar an Chreat Náisiúnta Cáilíochtaí) i Sláinte agus Sábháilteacht **<u>Nó</u>**
san Innealtóireacht, Ailtireacht, agus/nó an Eolaíocht, le dioplóma sa Sláinte agus Sábháilteacht

**(ii)** Eolas sásúil a léiriú ar na gnéithe seo a leanas:

- Cumarsáid éifeachtach agus idirghabháil le hoifigigh na n-údarás rialála,
- Bainistiú rioscaí tine amhail cosc dóiteáin agus druileanna dóiteáin a dhéanamh,
- Bainistiú riosca maidir le substaintí contúirteacha agus galair cheirde,
- An t-ábhar riachtanach le haghaidh cúrsaí a bhaineann le cúrsa(í) sláinte agus sábháilteachta agus a lámhleabhair sholáthar don eagraíocht,
- Tuiscint ar Rialtas Áitiúil agus ar an tionscal foirgníochta,
- Reachtaíocht Sláinte agus Sábháilteachta, riachtanais reachtúla agus na himpleachtaí don áit oibre agus tuiscint ar an phróiseas dlí,

**(iii)** Trí bliana de thaithí ábhartha shásúil ar a laghad sna réimsí luaite thíos:

- Próiseas iniúchta cuí a bhainistiú,
- Modhanna praiticiúla éifeachta a phleanáil, idir coisctheach agus leasúcháin, maidir le cleachtais oibre a chloíonn le riachtanais sláinte agus sábháilteachta a chur chun cinn,
- Obair le coistí,
- Ullmhú agus athbhreithniú rialta ar ráitis agus straitéisí Sláinte agus Sabháilteachta,
- Maoirseacht foirne agus riarachán ábhartha,
- Taifid chruinn a choimeád, go háirithe torthaí cigireachta, eachtraí agus timpistí, agus tuairiscí a ullmhú, agus sonraí staitistiúla a bhíonn de dhíth ar an bhainistíocht agus ar an Údarás Sláinte agus Sábháilteachta,
- Athbhreithniú rialta ar mhodhanna oibre agus ar phróisis a aithníonn agus a chuireann gach contúirt ábhartha san áireamh,
- Tacú le bainisteoirí líne in ullmhú, cur i bhfeidhm agus athbhreithniú rialta ar cháipéisí a bhaineann le sábháilteacht ar a n-áiritear measúnuithe riosca agus a chuimsíonn comhairle ar na dóigheanna ar féidir rioscaí a laghdú,
- Córas bainistíochta sábháilteachta a chur i bhfeidhm.

**(iv)** Ceadúnas tiomána iomlán glan a bheith acu.

## 4. Mionsonraí an Phoist

### (a) Ginearálta

Tá sé i gceist ag Comhairle Contae Dhún na nGall painéal iarrthóirí cáilithe a chruthú do phost Assistant Health & Safety Officer óna líonfaidh sí folúntais a thiocfadh aníos. Le linn saolré an phainéil.

### (c) Promhadh

Ceanglófar ar iarrthóirí a n-éireoidh leo a bheith ar promhadh go ceann tréimhse thosaigh, de réir mar a chinnfidh an Chomhairle. Is féidir an tréimhse seo a shíneadh faoi rogha na Comhairle.

### (d) Luach Saothair

Is é an scála pá reatha ná íosmhéid €42,135 go huasmhéid LSI2 €65,919
(de réir Chiorclán EL 05/2022).

Íocfar na daoine a cheapfar ag an phointe chuí ar an scála tuarastail ar aon dul le Ciorclán bainteach na Roinne.

Tosóidh iontrálaithe úra ag an íosphointe ar an scála.

### (e) Bunáit

Cinnfidh an Chomhairle an bhunáit don phost.

D'fhéadfadh sé go mbeadh roinnt taistil i gceist le ról Comhordaitheoir Gníomhaithe Aeráide agus go mbeadh fanacht thar oíche i gceist le roinnt turas agus clúdófar na costais bhainteacha le liúntais iomchuí.

### (e) Cónaí

Beidh na daoine a cheapfar ina gcónaí sa cheantar ina mbeidh na dualgais le feidhmiú nó faoi fhad réasúnta de.

### (f) Uaireanta Oibre

35 uair an chloig in aghaidh na seachtaine a bheidh sna gnáthuaireanta oibre. Coinníonn an Chomhairle an ceart na huaireanta oibre a athrú ó am go chéile.

**(g) Riachtanas Tiomána**

Beidh gá le hiarrthóirí:

a. ceadúnas tiomána iomlán chatagóir B reatha a bheith acu.
b. a bhfeithicil féin a bheith ar fáil lena húsáid agus a ndualgais á gcomhlíonadh acu agus cumhdófar na costais ghaolmhara leis na liúntais chuí.

## 5. Próiseas Earcaíochta

### A. Foirm Iarratais

- Caithfear iarratais a chur isteach ar an fhoirm iarratais oifigiúil agus caithfear gach cuid den fhoirm a chomhlánú.

- **Ná cuir CV isteach le d'iarratas.** Ní bhreithneofar ach faisnéis ar an fhoirm iarratais, nuair a bheidh oiriúnacht iarratasóra maidir leis an phost á meas.

- Caithfear iarratais a chur isteach mar iatán rphoist amháin i bhformáid Word nó PDF chuig vacancies@donegalcoco.ie

- Caithfidh iarratais a bheith faighte againn faoin spriocdháta a shainítear ar an fhoirm.

- Ní dhéanfar aon iarratais atá mall, atá imithe ar strae nó a mbeidh moill leo, a mheas ach amháin más féidir fianaise oifigiúil a chur ar fáil a léiríonn gur seoladh an t-iarratas laistigh den achar ama.

### B. Gearrliostú

Is féidir iarratasóirí a ghearrliostú faoi choinne agallaimh ar bhonn an eolais a chuirtear ar fáil. Sa chás go mbeidh gá le beart gearrliostaithe, tionólfar Painéal saineolaithe leis na foirmeacha iarratais a scrúdú agus a mheas de réir critéir réamhshocraithe, bunaithe ar riachtanais an phoist. Mar sin de, bheadh sé le do leas cuntas mion, beacht a thabhairt ar do cháilíochtaí agus ar do thaithí ar an fhoirm iarratais.

Má mheastar, mar gheall ar líon agus caighdeán na n-iarratas a gheofar, gur réasúnach gan gach iarratasóir a chur faoi agallamh, ní ghlaofar chun agallaimh ach daoine ar dócha

go ngnóthódh siad caighdeán ar leor é chun iad a roghnú agus a mholadh faoi choinne ceapacháin.

**C. Ceart ar Fhaisnéis agus Athbhreithniú**

Tá an Chomhairle tiomanta d'aiseolas agus faisnéis a thabhairt d'iarratasóirí. Iarratasóir ar bith ar mian leis/léi, féadann sé/sí a iarraidh go n-athbhreithneofar an cinneadh nó an próiseas. Caithfear a leithéid d'iarratas a chur isteach i scríbhinn, ag cur in iúl na cúise atá leis an iarratas agus caithfear é seo a chur faoi bhráid na Rannóige Acmhainní Daonna, Ionad na dTrí Abhainn, Leifear, Co. Dhún na nGall faoi cheann cúig lá ó dháta fógartha cinneadh ábhartha.

**D. Rúndacht**

Faoi réir fhorálacha an Achta um Shaoráil Faisnéise 2014, is faoi rúndacht dhocht a phléifear le hiarratais**.**

**E. Eile**

Tá ceapacháin na Comhairle faoi réir seiceálacha sásúla maidir le teistiméireachtaí, cáilíochtaí, scrúduithe leighis agus Grinnscrúdú Garda, mar is infheidhme.

**F. Cúis Dícháilithe an Chanbhasáil**

Dícháileofar ón phost láithreach iarratasóir ar bith a dhéanann iarracht (nó a ndéanann duine iarracht ar a s[h]on) oifigeach de chuid na Comhairle (nó duine a ainmníonn sí le hagallamh a chur ar iarratasóirí nó iad a scrúdú) a chanbhasáil nó tionchar a imirt air/uirthi ar son an iarratasóra, go díreach nó go hindíreach.

**G. An Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí**

*Tá Comhairle Contae Dhún na nGall meáite ar do chuid sonraí pearsanta a chosaint agus comhlíonaimid ár gcuid oibleagáidí faoi na hAchtanna um Chosaint Sonraí, 1988 – 2018, agus faoin Rialachán Ginearálta maidir le Cosaint Sonraí.*

- An Bunús ar a bPróiseáiltear do chuid Sonraí Pearsanta

Is é an bunús ar a bpróiseáiltear do chuid sonraí pearsanta ná d’fhonn d’iarratas ar an phost ar chuir tú isteach air le Comhairle Contae Dhún na nGall a phróiseáil faoi

Théarmaí Acht Fostaíochta (Faisnéis) 1994 agus polasaithe agus gnáthaimh na Rannóige Acmhainní Daonna.

Nuair a fhaighimid d'fhoirm iarratais, cruthaímid taifead ríomhaire faoi d'ainm, ina mbíonn
go leor de na sonraí pearsanta a chuir tú ar fáil ar d'fhoirm iarratais.
Ní úsáidtear an taifead pearsanta seo ach amháin chun d'iarratas a phróiseáil. Tá tú i dteideal, in am ar bith, cóip den fhaisnéis faoi dtaobh díot féin, atá á coinneáil ar taifead againn, a fháil.

- Comhroinnt na Faisnéise

Taobh amuigh den fhoireann earcaíochta iomchuí, ní dhéanfar na sonraí ar d'fhoirm iarratais
a chomhroinnt ach d'fhonn an comórtas ar chuir tú isteach air a chur chun cinn in éineacht le
Bord gearrliostaithe agus/nó agallaimh ainmnithe.
Más amhlaidh, i ndiaidh an chomórtais, go gcuirfear ar Phainéal thú agus go dtairgfear post duit, beidh na sonraí a chuir tú ar fáil i d'fhoirm iarratais mar chuid den Chomhad Pearsanra s'agat.

De bhreis air sin, sa chás go dtairgfí post duit agus go ndearbhófá ina dhiaidh sin gur spéis leat an post, bainfear úsáid as na sonraí ar d'fhoirm iarratais d'fhonn taifid seirbhíse agus teistiméireacht fostaíochta a iarraidh.

- Tréimhse Stórála

Coinneofar d'iarratas go ceann dhá bhliain ó dháta bunaithe an phainéil don phost seo.
Déanfar iarratais nach gcuirfear ar aghaidh chuig céim an agallaimh a scriosadh i ndiaidh an
chomórtais.

Is féidir teacht ar Ráiteas Príobháideachta Chomhairle Contae Dhún na nGall ag: www.donegalcoco.ie